## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi ghearradh siar ar sheirbhísí eitiltí d'othair ailse. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile.

1. An gceapann tú gur cheart go mbeadh seirbhísí iompair phoiblí saor in aisce nó ar phraghas íseal d'othair ailse? Mínigh do fhreagra.
2. Cén fhreagracht atá ar an stát maidir le seirbhísí sláinte i gceantair iargúlta, dar leat?
3. Cén fáth a bhfuil seirbhísí sláinte i gcathracha móra níos fearr ná i gceantair thuaithe?
4. An gceapann tú go mbíonn polaiteoirí níos fearr ag caint faoi rudaí nó ag déanamh rudaí?
5. An mbíonn tionchar ag coistí pobail ar pholaiteoirí? An bhfuil aon sampla agat?
6. Cá bhfuil an t-aerfort san íomhá thíos, dar leat?



# B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

| | |
|---|---|
| a) *worried about the effect, impact* | |
| b) *treatment* | |
| c) *cancelled* | |
| d) *that means patients had to* | |
| e) *words, verbs* | |
| f) *meaningful action* | |
| g) *an urgent need* | |
| h) *representative* | |
| i) *news, tidings* | |
| j) *re-evaluation, reassessment* | |

2. Féach ar an mír den chéad uair agus aimsigh na focail thuas inti. An raibh na focail chéanna agat féin? ______________________________

3. Cén Ghaeilge atá agat féin ar na focail agus ar na frásaí ó chanúint Uladh thíos? Bain úsáid as comhthéacs na n-abairtí chun cuidiú leat. Beidh tuilleadh faoi chanúint Uladh in **D: Feasacht Teanga**.

| | | |
|---|---|---|
| fá dtaobh de | Mothaím go holc **fá dtaobh de**. | |
| cha / chan | **Cha** raibh aon duine ansin. | |
| a dhíobháil | An bhfuil cupán tae **a dhíobháil** ort? | |
| dóigh inteacht | Caithfidh muid é a tharrtháil **dóigh inteacht**. | |

4. Cé hé an tAire Iompair faoi láthair? ______________________________

5. Má chiallaíonn 'rothlú' *spin*, *rotation*, *loop,* cad atá i gceist ag an Athair Ó Fearraigh nuair a deir sé an focal sin thíos agus é ag caint faoi na heitiltí ó Dhún na nGall go Baile Átha Cliath?

   'Caithfidh siad é seo a chur ina cheart … agus an *rothlú* i lár an lae a chur ar ais arís'

   ______________________________

# C: TUISCINT

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an mír agus freagraígí na ceisteanna:

| |
|---|
| 1. Cad é ábhar na míre? Scríobh dhá nó trí abairt mar achoimre. |
| |
| 2. Cé hiad na príomhchainteoirí sa mhír? Cén ról atá acu? |
| |

Féachaigí arís agus freagraígí na ceisteanna seo a leanas:

| |
|---|
| 1. Cad a dúirt an Taoiseach faoi athrú sceidil na haerlíne? Cén fáth nach raibh daoine sásta lena fhreagra? |
| |
| 2. Cad a tharla do phaisinéirí maidin na míre? Conas a chuir an eachtra isteach ar othair ailse? |
| |
| 3. Cén dearcadh atá ag an Athair Ó Fearraigh faoin bhfadhb? Cén abairt dá chuid is fearr a léiríonn a dhearcadh? |
| |
| 4. Cad ba mhaith le Máire Mhic Giolla Chomhaill a bhaint amach ag an gcruinniú leis an Aire Iompair? |
| |

# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (Aimsirí éagsúla)

Féach ar na habairtí thíos. Cuir an fhoirm cheart de na briathra atá idir lúibíní sna bearnaí. Bí cinnte go bhfuil siad san aimsir cheart. Cuideoidh an comhthéacs leat an aimsir cheart a roghnú. Beidh *go* nó *gur* ag teastáil i gcúpla ceann!

| | |
|---|---|
| a) | Is beag fáilte a (cuir) ______________ roimh ráiteas an Taoisigh níos luaithe inniu. |
| b) | In agallamh, dúirt Micheál Martin (bí) ______________ an Rialtas buartha faoin athrú sceidil. |
| c) | (bí) ______________ an tAire Iompair ag bualadh le coiste áitiúil an tseachtain seo chugainn. |
| d) | Oíche aréir, (faigh) ______________ paisinéirí teachtaireacht go raibh a dturas curtha ar ceal. |
| e) | Tá an sceideal úr le tosú ag deireadh na míosa, rud a (cuir) ______________ deireadh leis an eitilt tráthnóna. |
| f) | Is maith an rud gur (admhaigh) ______________ sé **é** agus gur labhair sé fá dtaobh de. |
| g) | (caith) ______________ siad é seo a chur ina cheart go luath. |
| h) | Beidh ionadaí (buail) ______________ leis an Aire an Mháirt seo chugainn. |
| i) | Beidh muid ag súil (bí) ______________ scéala ag an Aire dúinn. |
| j) | Dúirt an coiste go dtuigeann siad cad chuige (cuir) ______________ an eilit ar ceal ar maidin. |

## 2. Cruinneas gramadaí (Cúrsaí canúna)

Cén leagan a bhí ag na cainteoirí ó Dhún na nGall de na focail agus de na frásaí seo thíos? Féach ar an mír arís más gá.

| An caighdeán | Canúint Uladh | An caighdeán | Canúint Uladh |
|---|---|---|---|
| dóibh | *daofa* | is féidir leis | |
| ní féidir | | ag dul tríd/trí | |
| freisin | | bealach éigin | |
| cén fáth | | gach | |

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:

1. Cad í an difríocht atá idir 'ar an bhus' agus 'ar an mbus'?

   ______________________________________________

2. Cén chanúint atá agat féin? ______________________________
3. An bhfuil deacracht agat le haon cheann de na canúintí eile? Cén ceann? Cén fáth?

   ______________________________________________

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint

Bígí ag obair i ngrúpaí de cheathrar agus glacaigí ról an duine ó na rólchártaí thíos. Beidh sibh ag bualadh le chéile ag an gcruinniú ar an Máirt. Caithfidh Ról A, B agus C na dearcthaí agus na tuairimí atá ar a rólchártaí a chosaint agus a chur in iúl go láidir. Caithfidh Ról D an chaint a stiúradh.

| | |
|---|---|
| **Ról A — Ionadaí Sheirbhísí Eitiltí Ailse**<br>Seasann tú do na hothair. Argóintí:<br>• Is ceist í seo a bhaineann le sláinte phoiblí – tá freagracht ar an stát<br>• Ní féidir le gnóthas príobháideach (*Emerald Airlines*) cinneadh a dhéanamh a chuireann beatha daoine i mbaol<br>• Caithfidh an stát bunseirbhísí sláinte a chur ar fáil<br>• Ní leor go bhfuil an Rialtas "buartha" – teastaíonn beart fiúntach | **Ról B — Ionadaí *Emerald Airlines***<br>Cosnaíonn tú cinneadh na haerlíne. Argóintí:<br>• Is gnóthas príobháideach é *Emerald Airlines* – ní féidir leis eitiltí neamhbhrabúsacha a oibriú<br>• Tá an conradh sínithe de réir an dlí<br>• Is fadhb í seo a bhaineann leis an mbonneagar – ba chóir don stát infheistíocht a dhéanamh i mbóithre na tíre agus sa chóras iompair phoiblí<br>• Ní hionann beartas aerlíne agus beartas sláinte |
| **Ról C — Polaiteoir Áitiúil**<br>Tá ort teacht ar réiteach. Argóintí:<br>• Caithfidh an Rialtas idirghabháil a dhéanamh – is é sin coiste speisialta a chur ar bun<br>• Ba chóir maoiniú a thabhairt don aerlíne chun eitiltí a choimeád ar siúl<br>• Is féidir seirbhís eile iompair a chur ar fáil d'othair ar chostas an stáit<br>• Ba cheart go mbeadh an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach ag obair as lámha a chéile | **Ról D — Cathaoirleach an Chruinnithe**<br>Tá ort an cruinniú a stiúradh. Caithfidh tú:<br>• Seal cainte a thabhairt do gach duine, gan ligean d'aon duine amháin an iomarca cainte a dhéanamh.<br>• Argóintí a achoimriú: "Mar sin, deir x go... agus deir y go..."<br>• Ceisteanna a chur nuair a bhíonn tost ann: "Cad é do bharúil faoi sin, a x?"<br>• Achoimre a thabhairt ag an deireadh ar na pointí tábhachtacha, an réiteach nó an chéad chéim eile. |

Féachaigí ar an abairt thíos ón Athair Ó Fearraigh agus freagraígí na ceisteanna:

***"cha dtig le hothair ailse taisteal ar bhriathra amháin"***

1. Cad is brí leis an ráiteas sin i gcomhthéacs na polaitíochta?
2. An bhfuil muinín agat as polaiteoirí na tíre seo?
3. Cad is féidir leis an bpobal a dhéanamh chun a gceannairí a choinneáil cuntasach?

## 2: Scríobh

Glac Ról A, B nó C ón ngníomhaíocht thuas ó **Caint**. Scríobh ríomhphost chuig an Aire Iompair roimh an gcruinniú ar an Máirt, ag leagan amach go soiléir na tuairimí atá agat faoin gcás. Féach ar an struchtúr thíos chun ríomhphost foirmeálta a scríobh:

| | | |
|---|---|---|
| **Beannú** | Beannú foirmeálta | A chara, A Aire, A dhuine uasal |
| **Cur in aithne** | Mínigh cé thú féin agus cén fáth a bhfuil tú ag scríobh | Is mise [ainm], [ról],<br>Scríobhaim chugat roimh an gcruinniú chun … |
| **An fhadhb** | Mínigh cúis an ríomhphoist go soiléir | Is oth liom a rá go ...<br>Is cúis mhór imní dúinn é go ... |
| **Argóintí** | Tabhair 2–3 argóint ag brath ar do ról | Ar an gcéad dul síos ...<br>Ina theannta sin ...<br>Os a choinne sin … |
| **Iarratas** | Iarr gníomh nó freagra ar leith | Iarraimid go tréan ort go ...<br>Impímid ort ...<br>Ba mhaith linn a chinntiú go ... |
| **Slán** | Clabhsúr foirmeálta | Le meas, Is mise le meas, le dea-mhéin |

# AN SCRIPT

**Eibhlín Ní Choistealbha**
Is beag fáilte a cuireadh inniu roimis[1] ráiteas an Taoisigh go bhfuil an Rialtas buartha faoin dtionchar[2] a bheidh ag athrú sceidil na haerlíne *Emerald Airlines* ar othair a bhíonn ag taisteal as Aerfort Dhún na nGall go Baile Átha Cliath chun cóir leighis d'ailse a fháil. In agallamh leis an gclár *Seacht Lá*, dúirt Mícheál Martin go raibh an Rialtas buartha faoin athrú sceidil ach go raibh conradh sínithe ag an aerlíne anois. Beidh an tAire Iompair, Darragh O'Brien, ag bualadh le coiste feachtais áitiúil an tseachtain seo chugainn chun an cheist a phlé.

**Patrick Mac Fhionnlaoich**
Oíche aréir, fuair paisinéirí a bhí le heitilt go Baile Átha Cliath ó Aerfort Dhún na nGall, teachtaireacht ag cur in iúl daofa[3] go raibh a dturas maidin inniu curtha ar ceal de bharr drochaimsire. Bhí ceathrar othar ailse ina measc. Ciallaíonn sé sin gurbh éigean do phaisinéirí tabhairt faoin turas fada ar an bhus[4] nó a dturas féin a dhéanamh. Tá sceideal úr ag *Emerald Airlines* le tosú ag deireadh na míosa seo chugainn, rud a chuirfidh deireadh leis an eitilt tráthnóna. In agallamh le *Seacht Lá* oíche aréir dúirt an Taoiseach, Micheál Martin, go raibh an Rialtas féin buartha faoin scéal.

**An tAthair Brian Ó Fearraigh, Ball Coiste, Seirbhís Eitiltí Ailse Dhún na nGall**
Is maith an rud gur admhaigh sé é sin ach agus labhair sé fá dtaobh de, ach chan leor briathra. Tá i bhfad níos mó ná briathra … tá beart fiúntach a dhíobháil anois agus géarghá le beart agus le rudaí a chur ina gceart arís. Tá a fhios againn, thig leis an Taoiseach labhairt, agus rinne sé é sin agus labhair sé agus bhain sé úsáid as focla[5] go leor. Ach nuair a smaoiníonn muid ar othair ailse, cha dtig le hothar ailse taisteal ar bhriathra amháin. Chan maith ar bith é sin daofa sin. Caithfidh siad é seo a chur ina cheart go díreach, agus rudaí a fháil socraithe arís go díreach, lena chinntiú go bhfuil an rothlú sin i lár an lae, go bhfuil sé sin in áit arís.

**Patrick Mac Fhionnlaoich**
Ar an Mháirt seo chugainn beidh ionadaí ó Choiste Eitiltí Ailse Dhún na nGall ag bualadh leis an Aire Iompair, Darragh O'Brien.

**Máire Mhic Giolla Chomhaill, Seirbhís Eitiltí Ailse Dhún na nGall**
Ní bheidh muid ag gabháil fríd na ceisteanna uilig[6] go léir arís. Sílim go bhfuil cur síos maith go leor déanta againn ar na deacrachtaí atá againn anseo i nDún na nGall, ní hamháin d'othair le hailse ach fosta do thurasóireacht agus do dhaoine atá ag obair agus a leithéid. Beidh muidne ag gabháil suas agus beidh muid ag súil go mbeidh scéala aigesean dúinne. Cad é fá dtaobh den athbhreithniú? An bhfuil eolas ar bith ón aerlíne agus go mbeidh bealach chun tosaigh de dhóigh inteacht[7].

**Patrick Mac Fhionnlaoich**
Dúirt an coiste go dtuigeann siad cad chuige ar cuireadh an eitilt ar ceal maidin inniu ach go léiríonn sé an tábhacht atá leis an sceideal a choinneáil mar atá sé agus go mbeadh muinín ag achan[8] duine ann. Patrick Mac Fhionnlaoich, Nuacht TG4 ag Aerfort Dhún na nGall.

---

[1] roimis = leagan canúnach de 'roimh'
[2] Canúint na Mumhan atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cloítear le nósanna na canúna sin maidir le hurú ar ainmfhocail dar tús 'd' agus 't'.
[3] daofa = leagan canúnach de 'dóibh'
[4] Canúint Uladh atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear séimhiú seachas urú ar ainmfhocail i ndiaidh réamhfhocail agus an ailt.
[5] focla = leagan canúnach de 'focail'
[6] uilig = leagan canúnach de 'uile'
[7] inteacht = leagan canúnach de 'éigin'
[8] achan = leagan canúnach de 'gach'

# NÓTAÍ & FREAGRAÍ

## A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair tamall do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna ar dtús sula bpléifidh tusa na ceisteanna leis an rang iomlán. Is é Aerfort Dhún na nGall atá san íomhá.

## B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

| | |
|---|---|
| *worried about the effect, impact* | *buartha faoin tionchar* |
| *treatment* | *cóir leighis* |
| *cancelled* | *curtha ar ceal* |
| *that means passengers had to* | *ciallaíonn sé sin gurbh éigean do phaisinéirí* |
| *words, verbs* | *briathra* |
| *meaningful action* | *beart fiúntach* |
| *an urgent need* | *géarghá* |
| *representative* | *ionadaí* |
| *news, tidings* | *scéala* |
| *re-evaluation, reassessment* | *athbhreithniú* |

2. Déan plé ar na focail a bhí acu féin. B'fhéidir go raibh leagan eile de na focail acu.
3. Freagraí:

| | | |
|---|---|---|
| fá dtaobh de | Mothaím go holc **fá dtaobh de**. | faoi |
| cha / chan | **Cha** raibh aon duine ansin. | ní |
| a dhíobháil | An bhfuil cupán tae **a dhíobháil** ort? | ag teastáil |
| dóigh inteacht | Caithfidh muid é a tharrtháil **dóigh inteacht**. | slí éigin |

4. Darragh O'Brien.
5. Eitilt fhillte.

## C: TUISCINT

Féach ar an script.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (Aimsirí éagsúla)

Freagraí:

a) Is beag fáilte a **cuireadh** roimh ráiteas an Taoisigh níos luaith**e** inniu.

| | |
|---|---|
| b) | In agallamh, dúirt Micheál Martin **go raibh** an Rialtas buartha faoin athrú sceidil. |
| c) | **Beidh** an tAire Iompair ag bualadh le coiste áitiúil an tseachtain seo chugainn. |
| d) | Oíche aréir, **fuair** paisinéirí teachtaireacht go raibh a dturas curtha ar ceal. |
| e) | Tá an sceideal úr le tosú ag deireadh na míosa, rud a **chuirfidh** deireadh leis an eitilt tráthnóna. |
| f) | Is maith an rud gur **admhaigh** sé **é** agus gur labhair sé fá dtaobh de. |
| g) | **Caithfidh** siad é seo a chur ina cheart go luath. |
| h) | Beidh ionadaí **ag bualadh** leis an Aire an Mháirt seo chugainn. |
| i) | Beidh muid ag súil **go mbeidh** scéala ag an Aire dúinn. |
| j) | Dúirt an coiste go dtuigeann siad cad chuige **ar cuireadh** an eilit ar ceal ar maidin. |

## 2. Cruinneas gramadaí (Cúrsaí canúna)

Freagraí:

| An caighdeán | Canúint Uladh | An caighdeán | Canúint Uladh |
|---|---|---|---|
| dóibh | *daofa* | is féidir leis | *thig leis* |
| ní féidir | *cha dtig* | ag dul tríd/trí | *ag gabháil fríd* |
| freisin | *fosta* | bealach éigin | *dóigh inteacht* |
| cén fáth | *cad chuige* | gach | *achan* |

1. I gcanúint Uladh cuirtear séimhiú seachas urú ar ainmfhocail i ndiaidh réamhfhocail agus an ailt. Leanann na canúintí eile an córas lárnach, is é sin, cuirtear urú ar ainmfhocail i ndiaidh réamhfhocail agus an ailt.
2. Tuairimíocht atá i gceist anseo.
3. Tuairimíocht atá i gceist anseo.

## E. CUMARSÁID

### 1: Caint

Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar agus abair leis na foghlaimeoirí ról a ghlacadh. Tabhair cúpla nóiméad dóibh a gcártaí a léamh. Nuair a bheidh tú sásta go dtuigeann siad gach rud abair leo tús a chur leis an rólghníomhaíocht – go bhfuil siad ag an gcruinniú leis an Aire Iompair. Bí ag siúl timpeall ag cuidiú leo agus á ngríosú chun cainte. Ag an deireadh, iarr ar ghrúpa amháin an rólghníomhaíocht a dhéanamh os comhair an ranga.

### 2: Scríobh

Abair leis na foghlaimeoirí an ríomhphost a scríobh ag úsáid an struchtúir sa tábla.

Ollscoil Mhá Nuad | Lárionad na Gaeilge Taighde, Teagasc & Tástáil | Foghlaim TG4 | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán / Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta